
Safer Internet Day 2026 | Tuesday 10 February

# FEASACH AR IS: Sábháilte, Cliste agus i gCeannas

## Eolas don Mhúinteoir agus Script

Ceacht do Rang 6



Co-funded by the European Union

An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

DCU
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
Dublin City University

# Maidir leis an Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte

Is tionscnamh ar fud an AE é Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte chun idirlíon níos sábháilte a chur chun cinn do gach úsáideoir, go háirithe daoine óga. Is é Webwise, an Clár Feasachta Oideachais um Ríomhshábháilteacht in Éirinn, a chomhordaíonn agus a chuireann Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte in Éirinn chun cinn. Is é "Le Chéile le haghaidh Idirlíon Níos Fearr" an Téama do Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte.
Is é aidhm an lae ná iarraidh ar dhaoine óga, tuismitheoirí, múinteoirí, scoileanna, an rialtas, agus comhlachtaí teacht le chéile chun idirlíon níos sábháilte agus níos fearr a chruthú do chách, agus go háirithe do leanaí agus do dhaoine óga.

Is lá é Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte chun úsáid idirlín shábháilte agus fhreagrach a chur chun cinn, is lá é chun na bealaí ar fad ina n-úsáidimid an t-idirlíon a mheas agus conas is féidir linn an t-idirlíon a dhéanamh níos sábháilte agus níos fearr do chách, agus go háirithe do leanaí agus do dhaoine óga.

# Feasach ar IS: Sábháilte, Cliste agus i gCeannas

Pléifidh an ceacht seo ar Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte 2026, Feasach ar IS: Sábháilte, Cliste, agus i gCeannas teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn sa domhan, go háirithe, forbairtí maidir le hintleacht shaorga. Tabharfaidh sé deis do dhaltaí foghlaim faoi theicneolaíochtaí nua, amhail IS Giniúnach, na deiseanna agus dúshláin, agus conas iad a úsáid ar bhealach sábháilte agus freagrach.

**Forbraíodh an ceacht seo i gcomhar le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus tá buíochas ar leith ag dul don Dr Dónal Mulligan.**



webwise.ie

DCU
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
Dublin City University

# Treoracha do Mhúinteoirí

Sula dtugann tú ábhar Intleachta Saorga (IS) isteach sa seomra ranga, is tábhachtach go bhfuil tú muiníneach agus an-eolach ar na bunrudaí maidir le hIS agus IS Giniúnach. Seo roinnt acmhainní, treoracha, agus breithnithe úsáideacha d'oideachasóirí:

- **Treoracha mar le hIntleacht Shaorga i Scoileanna:** gov.ie/en/department-of-education/publications/guidance-on-artificial-intelligence-in-schools
- **Mol IS i Scoileanna:** Tacaíonn an Mol IS le múinteoirí agus ceannairí scoile a úsáideann IS oidetechnologyineducation.ie/ai-hub/
- **IS agus Sábháilteacht ar Líne: Breithnithe do Scoileanna:** Léigh faoi na dúshláin agus ábhair imní do scoileanna maidir le húsáid IS: webwise.ie/ai-online-safety/ai-in-education/
- **Cúrsa ar Líne:** Tugann an cúrsa ar líne uair an chloig seo, ***IS do Scoileanna***, tuiscint do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile ar an Intleacht Shaorga. Scrúdaíonn sé na cúinsí do scoileanna agus iad ag úsáid na hintleachta saorga chun críocha oideachais, lena n-áirítear a buntáistí féideartha, a teorainneacha agus a cúinsí eiticiúla. **Cláraigh anseo:** oidetechnologyineducation.ie/onlinecourses/ai-for-schools/
- ***Srianta Aoise d'Uirlisí IS:** Tá srianadh aoise ar fhormhór na n-uirlisí IS agus athraíonn an srianadh seo ó aip go haip, ach is é 13 bliana d'aois an íosaois. Mar sin de, níor chóir do leanaí faoi bhun an riachtanais íosaoise seo na huirlisí IS seo a úsáid. Ní mór duit toiliú an tuismitheora nó an chaomhnóra dhlíthiúil a fháil sular tugadh uirlisí IS isteach sa seomra ranga. Seo liosta de na riachtanais íosaoise d'fhormhór na n-aipeanna IS a bhfuil an tóir is mó orthu. **Tabhair do d'aire go bhféadfadh athrú teacht orthu seo.**



webwise.ie

# Treoracha do Mhúinteoirí

- Co-Pilot: 13 bliana d'aois, ní mór duit toiliú do thuismitheora nó do chaomhnóra dhlíthiúil a fháil chun na Seirbhísí a úsáid má tá tú faoi bhun 18 mbliana d'aois.
- SnapChat My AI: 13 bliana d'aois, ní mór duit toiliú do thuismitheora nó do chaomhnóra dhlíthiúil a fháil chun na Seirbhísí a úsáid má tá tú faoi bhun 18 mbliana d'aois.
- Chat GPT: 13 bliana d'aois, ní mór duit toiliú do thuismitheora nó do chaomhnóra dhlíthiúil a fháil chun na Seirbhísí a úsáid má tá tú faoi bhun 18 mbliana d'aois.
- Character AI: 16 bliana d'aois, ní cheadaítear dóibh siúd faoi bhun 16 bliana d'aois é seo a úsáid.
- Gemini: 13 bliana d'aois chun Gemini a úsáid le Cuntas Google scoile nó pearsanta agus 18 nó os a chionn chun Gemini a úsáid le cuntas oibre.
- Meta AI: 13 bliana d'aois, ní mór duit toiliú do thuismitheora nó do chaomhnóra dhlíthiúil a fháil chun na Seirbhísí a úsáid má tá tú faoi bhun 18 mbliana d'aois.

- **Cuir eolas ar IS Giniúnach:** Cuir eolas ar uirlis IS Giniúnach chun oibriú amach conas a oibríonn sí roimh an gceacht. Iarr ort féin: Cad iad na cásanna a d'fhéadfadh sí a bheith úsáideach san fhoghlaim? Cad iad na fadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn?
- **Físeáin Dea-Chleachtais maidir le hIS i Scoileanna:** Léiríonn na físeáin seo samplaí ar conas a phléann scoileanna úsáid IS chun tacú le foghlaim. Féach orthu anseo.



# Torthaí Foghlama:

- Faoi dheireadh an cheachta, beidh na daltaí in ann:
- Cad atá i gceist le hIntleacht Shaorga (IS) a thuiscint, lena n-áirítear cineál IS ar a dtugtar IS Giniúnach agus an dóigh a n-oibríonn sí.
- Roinnt buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann le hIS Giniúnach a úsáid a aithint.
- Machnamh a dhéanamh ar conas is féidir linn IS Giniúnach a úsáid ar bhealach sábháilte agus freagrach.

# Acmhainní atá ag teastáil:

- Teilgeoir agus fuaim
- Sleamhnáin PowerPoint
- Script Múinteora
- Cóipeanna de Bhileog Ghníomhaíochta 1 agus Gníomhaíocht le Tabhairt Abhaile do Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte
- Físeán: Cad is IS ann? - IS mínithe do leanaí, ag leanaí! (cuid 1): https://www.youtube.com/watch?v=_TeA3w5_SOA

# Script Rang 6 Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte


## Script




**Am:** 1 nóiméad

**Script:**
Inis do dhaltaí go mbeidh na milliúin duine ar fud na cruinne ag ceiliúradh Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte leo inniu, lá chun idirlíon níos sábháilte agus níos fearr a chur chun cinn do gach úsáideoir, go háirithe leanaí. I mbliana do Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte, pléifimid an láithreacht mhéadaithe atá ag Intleacht Shaorga inár ndomhan.

---





**Am:** 2 nóiméad

**Script:**
Inniu, caithfimid am ar na nithe seo a leanas:

- Cad atá i gceist le hIntleacht Shaorga a thuiscint, lena n-áirítear cineál IS ar a dtugtar IS Giniúnach agus an dóigh a n-oibríonn sí.
- Roinnt buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann le hIS Giniúnach a úsáid a aithint.
- Machnamh a dhéanamh ar conas is féidir linn IS Giniúnach a úsáid ar bhealach sábháilte agus freagrach.

---





**Am:** 2 nóiméad

**Script:**
**Tobsmaointeoireacht:** Agus úsáid a bhaint as Smaoinigh-Péireáil-Roinn, iarr ar dhaltaí tobsmaointeacht a dhéanamh ar cad a ritheann leo nuair a chloiseann siad na focail seo a leanas: Intleacht Shaorga.

Cuir aiseolas i dtoll a chéile ar an gclár.

# Script Rang 6 Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte

## Script




**Am:** 1 nóiméad

**Script:**
**Mínigh: Cad is Intleacht Shaorga ann?**
Baineann IS le córais ríomhaire a bhailíonn faisnéis agus a chuireann í le chéile chun tasc a dhéanamh mar a bheadh duine ann. Mar dhaoine, is féidir linn faisnéis a phróiseáil go han-mhaith – is féidir linn feiceáil, cloisteáil, léamh, cuimhneamh...agus ansin is féidir linn patrúin a aithint nó cinntí a dhéanamh bunaithe ar an bhfaisnéis sin. Sin an fáth a bhfuilimid chomh héirimiúil!

"Oiltear" córais IS chun tascanna mar sin a dhéanamh gan stró, agus cosúil linne, rinneadh é seo trí "shonraí" a úsáid – faisnéis faoin domhan. Tá méideanna ollmhóra scríbhneoireachta, íomhánna, fuaimeanna, agus sonraí eile á sú acu agus trí cheangail agus phatrúin a fháil, is féidir leo tuiscint a fháil agus iad seo a úsáid sa bhealach céanna agus a d'úsáidfeadh duine éirimiúil iad. Ní beag sin – agus tá sé rud beag scanrúil gur féidir le meaisín smaoineamh mar a smaoinímid féin!

Is féidir le córais IS a rinneadh le déanaí labhairt linn agus muid a thuiscint go han-mhaith, ach d'úsáid córais IS níos sine agus níos simplí sonraí cheana chun rudaí a mholadh dúinn (amhail an chéad fhíseán eile ar cheart dúinn féachaint air ar YouTube) nó chun cinntí a dhéanamh trí rudaí a chur i gcatagóirí (amhail gach grianghraf a bhfuil cat ann a fháil ar do ghuthán, nó aghaidheanna a aithint i bhfíseán).

---




**Am:** 2 nóiméad

**Script:**
Féach ar an bhfíseán seo chun tuilleadh eolais a fháil:

Cad is IS ann? - IS mínithe do leanaí, ag leanaí! (cuid 1):
https://www.youtube.com/watch?v=_TeA3w5_SOA

# Script Rang 6 Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte

## Script




**Am:** 7 nóiméad

**Script:**
**Ceisteanna ar an bhFíseán:** Tar éis féachaint ar an bhfíseán, freagair na ceisteanna ar an sleamhnán.

Téigh trí na freagraí agus bailigh aiseolas na ndaltaí. Seo roinnt freagraí molta do shamplaí IS nár luadh cheana: Cúntóirí gutha pearsanta IS amhail Siri nó Alexa, moltaí ar cad le féachaint air nó éisteacht leis, nó folúsghlantóir róbait a dhéanann an folúsghlanadh leis féin, carranna a thiomáineann tú féin, srl.

***Stór Focal Tábhachtach**: Luann an físeán **algartaim** - is ionann algartam agus sraith treoracha a dheartar chun fadhb a réiteach nó tasc a chur i gcrích.

San fhíseán, is é seo an sampla a úsáidtear chun conas a oibríonn uirlis IS Giniúnach a mhíniú; is ionann an fhaisnéis nó sonraí oiliúna agus na comhábhair, agus is ionann an t-algartam agus sraith treoracha a chabhraíonn leis an uirlis an freagra nó toradh a thugann sí duit a scríobh.

---

**Am:** 1 nóiméad




**Script:**
**Mínigh: Cad is IS Giniúnach ann?**
Cé go gcabhraíonn roinnt cineálacha intleachta saorga a phléamar linn trí rudaí a chur i gcatagóirí, tuartha a dhéanamh ó shraith torthaí féideartha, nó moltaí a dhéanamh ó liosta rudaí atá ar fáil, ní hionann sin agus IS Giniúnach. Úsáidimid an t-ainm seo d'uirlisí IS is féidir **rudaí iomlán nua a 'chruthú' nó a 'ghiniúint'** (m.sh. téacs, pictiúir, físeáin, ceol) seachas roghnú ó roghanna atá ann cheana. Tá Intleacht Shaorga Ghiniúnach in ann téacs, caint, íomhánna, físeáin agus fuaimeanna nua a chruthú trí shonraí/fhaisnéis ar a oileadh iad a úsáid.

# Script Rang 6 Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte

**Ar lean...**

**Script:**
Foghlaimíonn córais IS Giniúnach ó mhéideanna ollmhóra sonraí chun samhail a fhorbairt ar conas a oibríonn focail i dteanga le chéile, conas a bhíonn dathanna in íomhánna éagsúla, cad é an ceol is fearr linn, srl., agus is féidir leo samplaí nua a chruthú bunaithe air seo.

Tá sé tábhachtach le rá nach féidir le hIS Giniúnach na tascanna iontacha seo a dhéanamh gan an rochtain atá aici ar na samplaí éagsúla de scríbhneoireacht, íomhánna, fuaimeanna, srl atá ann cheana. D'fhéadfadh a rá go bhfuil a n-aschuir cruthaitheach sa bhealach céanna agus atá daoine, ach ní mór dúinn a thabhairt faoi deara go bhfuil na huirlisí IS Giniúnach seo *díorthach* – tá na rudaí a chumann siad bunaithe ar na samplaí atá feicthe acu cheana.

Tháinig fearg ar chuid mhór daoine mar úsáideadh a scríbhneoirí, amhráin, saothair ealaíne, grianghraif, agus saothair daonna eile chun uirlisí IS Giniúnach a oileadh agus in go leor cásanna, gan a dtoiliú. Tá go leor cásanna cúirte ó ealaíontóirí agus ó chomhlachtaí ar úsáideadh a sonraí féin.




**Am:** 10 nóiméad

**Script:**
**Gníomhaíocht Rólghlactha: Gníomhaigh mar a bheadh uirlis IS Giniúnach**
Mínigh: Mar a phléamar cheana, ní féidir le hIS Giniúnach ach freagraí a thabhairt bunaithe ar an bhfaisnéis ar a oileadh í. Anois, déanfaimid gníomhaíocht chun cabhrú linn na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le hIntleacht Shaorga Ghiniúnach a úsáid.

**Céim 1. Cuir oiliúint ar an IS**
Roghnaigh 3–5 daltaí le bheith an "uirlis IS Giniúnach". Tabhair **Bileog Ghníomhaíochta 1 do na foghlaimeoirí: Cártaí Sonraí Oiliúna** (is ó na fíricí seo a d'fhoghlaim an 'tsamhail' IS).

* **Nóta don Mhúinteoir**: Ní bheidh gach "fíric" ar na cártaí oiliúna fíor ó thaobh na bhfíricí de. Léiríonn sé seo go dtugann IS freagraí contráilte nó cumtha nó go "siabhránaíonn" sí in amanna.

Mínigh d'fhoghlaimeoirí gur féidir leo na ceisteanna a fhreagairt mar "IS Giniúnach" ach ní féidir leo **ach** an fhaisnéis ar na cártaí oiliúna a úsáid, rud ar bith eile. Ní féidir leo eolas eile a úsáid.

# Script Rang 6 Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte

**Ar lean...**

**Script:**


<u>Sonraí Oiliúna: Fíricí faoi Mhadraí:</u>

- Tá ceithre chos ag madraí.
- Bíonn gach madra ag tafann.
- Is maith le labradóir a bheith ag snámh.
- Tá gach madra dubh agus bán.
- Tá srón ghéar 40 uair níos láidre ná duine ag madra.
- Tá go leor codlata ag teastáil ó choileáin.
- Cabhraíonn madraí treorach le daoine nach bhfuil in ann feiceáil.
- Tagann madraí i ngach méid.
- Oiltear roinnt madraí chun cabhrú leis na Gardaí.
- Is maith le madraí caith agus faigh a imirt.
- Croitheann madra a eireaball le léiriú go bhfuil sé sásta.




**Céim 2. Ceisteanna a Chur ar IS**

- Is "úsáideoirí" agus "leideanna" iad na daoine eile sa rang nó cuireann siad ceisteanna ar an IS Giniúnach ó liosta leide.
- Ceisteanna Leide:
  - Liostaigh 5 fhíric faoi mhadraí.
  - Cén chuma atá ar mhadraí?
  - An bhfuil madraí níos fearr ná cait?
  - Ar chóir dom madra a fháil mar pheata?




**Céim 3. Pléigh agus Machnaigh**

Úsáid na ceisteanna seo a leanas chun daltaí a spreagadh machnamh a dhéanamh ar an eispéireas:


- *Cad iad na rudaí ina raibh an IS Giniúnach in ann a fhreagairt go maith?* (Fíricí bunúsacha faoi mhadraí).
- *Cad iad na rudaí nach raibh sí in ann a fhreagairt?* (Aon rud lasmuigh de na sonraí oiliúna - amhail comhairle faoi mhadra a bheith agat nó cait agus madraí a chur i gcomparáid lena chéile).
- *An raibh sí amaideach nó ar thug sí an fhaisnéis chontráilte riamh?* (Léiríonn sé gur féidir le hIS Giniúnach botúin a dhéanamh nó faisnéis chlaonta agus neamhiomlán a thabhairt).
- *Cad iad na botúin nó claontachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag fíor-intleacht shaorga mura raibh a sonraí oiliúna críochnaithe, cothrom, nó ceart?* (Mar shampla, má dúirt na sonraí oiliúna "Tá madraí níos fearr ná cait" - an mbeadh sé sin cothrom? Nó go bhfuil gach madra dubh agus bán? Tá sé sin contráilte agus míchruinn.)

# Script Rang 6 Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte

**Ar lean...**

- *Cad a theagascann sé sin dúinn faoi uirlisí IS Giniúnach a úsáid?*
  - Níl rudaí "ar eolas" ag IS Giniúnach - ní féidir léi ach rudaí ar a oileadh í a fhreagairt.
  - Má tá bearnaí ann i sonraí oiliúna faisnéis nó má tá sí éagothrom/claonta ar ábhar, nó míchruinn agus contráilte amháin, beidh freagraí IS Giniúnach amhlaidh.
  - Is é sin an fáth a bhfuil sé tábhachtach freagraí IS Giniúnach a sheiceáil agus a teorainneacha a thuiscint!


---




**Am:** 3 nóiméad

**Script:**
Iarr ar dhaltaí: Samhlaigh go bhfuil do shiblín níos sine ag úsáid uirlis IS Giniúnach chun cabhrú leis nó léi le tionscadal. Ainmnigh aon bhealach a d'fhéadfadh sí a bheith cabhrach. Ainmnigh aon rud a d'fhéadfadh dul amú.
Roinneann daltaí smaointe tapa — scríobh iad ar an gclár faoi dhá cheannteideal: Cabhraíonn sé (Buntáistí) / Dúshláin.

---





**Am:** 5 nóiméad

**Script:**
Ansin, léigh amach cásanna gairide ar úsáid IS Giniúnach.
Cinneann daltaí: **Buntáiste nó Dúshlán? (nó an dá acu?)**

- Míníonn IS giniúnach ábhar casta ar bhealach níos simplí. **(Buntáiste)**
- Tugann IS Giniúnach freagra a bhfuil cuma áititheach agus cheart air ach atá contráilte ó thaobh na bhfíricí de. **(Dúshlán – siabhrán/fadhb cruinnis)**
- Iarrann mac léinn ar IS Giniúnach a chuid aiste a scríobh seachas é a scríobh as a stuaim féin. **(Dúshlán – bradaíl/róspleáchas)**
- Molann IS Giniúnach smaointe nua do scéal nó do thionscadal dearaidh. **(Buntáiste – spreagadh cruthaitheachta)**
- Nuair a labhraíonn tú leis an mbota comhrá IS Giniúnach, tá sé mar a bheadh fíordhuine ann, mar sin, tosaíonn duine faisnéis phearsanta a roinnt leis agus tá sé ag lorg comhairle ar riocht sláinte atá aige nó aici nó conas déileáil le duine a dhéanann bulaíocht air nó uirthi. **(Dúshlán – riosca príobháideachais / ró-roinnt/faisnéis chontúirteach)**

# Script Rang 6 Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte





**Ar lean...**

**Script:**

- Ní léiríonn IS Giniúnach ach taobh amháin d'fhadhb de bharr sonraí oiliúna claonta. **(Dúshlán – claonadh/éagóir)**
- Úsáideann IS Giniúnach a lán leictreachais agus uisce in ionaid ollmhóra sonraí, a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don timpeallacht. **(Dúshlán – tionchar timpeallachta)**
- Cabhraíonn IS Giniúnach le scoláire teanga stór focal Fraincise a chleachtadh gan náire a bheith air. **(Buntáiste)**
- Oileadh an uirlis IS Giniúnach a úsáideadh ar shaothair ealaíne, ceol nó leabhar gan toiliú an bhunchruthaitheora. **(Dúshlán – maoin intleachtúil/cothroime)**

Úsáideann daltaí comharthaí láimhe chun vóta a chaitheamh (ordóg suas = buntáiste, ordóg síos = dúshlán, i leataobh = an dá acu).





**Am:** 2 nóiméad

**Script:**
Déan achoimre ar na nithe seo a leanas: **Buntáistí - Conas is féidir le hIS Giniúnach cabhrú linn**:

- **Foghlaim:** Is féidir léi ábhair chasta a mhíniú ar bhealach níos simplí.
- **Inspioráid Chruthaitheach:** Smaointe scéalta, nó inspioráid dearaidh a spreagadh.
- **Foghlaim Teanga:** Teangacha nua a chleachtadh nó scríbhneoireacht a fheabhsú.
- **Tobsmaointeoireacht:** Smaointe do thionscadail, clubanna, nó caithimh aimsire a chumadh.
- **Foghlaim ar Do Luas Féin:** Is féidir leat ceisteanna a chur chomh minic agus is mian leat agus ní thabharfar breithiúnas ort.

# Script Rang 6 Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte





**Am:** 3 nóiméad

**Script:**

- **Faisnéis Bhréagach** Is féidir le hIS Giniúnach **"siabhránú"** nó rudaí a chumadh, a thugann fíricí nó comhairle chontráilte nó as dáta duit.
- **Róspleáchas:** Má dhéanann IS Giniúnach an obair an fad, caillimid an deis chun smaoineamh muid féin agus a bheith cruthaitheach.
- **Claonadh/Éagóir:** Foghlaimíonn IS Giniúnach ó fhaisnéis a chruthaíonn daoine, mar sin, in amanna deir sí smaointe éagothroma nó leataobhacha arís.
- **Rioscaí Príobháideachais:** An iomarca faisnéise pearsanta a roinnt le huirlisí IS Giniúnach. Conas a dhéanann na comhlachtaí seo ár bhfaisnéis phearsanta a bhailiú, a stóráil agus a úsáid?
- **Bradaíl & Caimiléireacht:** Má úsáideann duine obair IS Giniúnach mar a chuid oibre féin gan aitheantas ná creidmheas a thabhairt, tá sé sin mímhacánta agus éagothrom.

---




**Am:** 3 nóiméad

**Script:**

- **Ionramháil Mhothúchánach:** D'fhéadfadh ábhar IS Giniúnach dul i bhfeidhm ar thuairimí nó ar mhothúcháin. D'fhéadfadh botaí comhrá IS aontú le gach a ndeir tú, fiú má tá sé contráilte nó contúirteach, agus d'fhéadfadh siad droch-chomhairle a thabhairt dá bharr sin.
- **Ró-Roinnt***:* Níl mórán difear idir a bheith ag labhairt le hIS Giniúnach agus le duine san fhíorshaol agus d'fhéadfá an iomarca faisnéise pearsanta a roinnt dá bharr sin.
- **Maoin Intleachtúil:** Is minic gur tháinig na sonraí nó faisnéis amhail saothair ealaíne, scríbhinní agus ceol a úsáidtear chun IS Giniúnach a oiliúint ó dhaoine san fhíorshaol gan cead a fháil uathu.
- **Tionchar Timpeallachta:** Úsáidtear méideanna ollmhóra fuinnimh agus uisce chun IS Giniúnach a oiliúint agus a rith. Úsáideann fiú rud éigin simplí - amhail ceist a chur ar bhota comhrá - *deich n-uaire níos mó leictreachais* ná cuardach Google. Deir saineolaithe go bhféadfadh córais IS sé huaire níos mó uisce a úsáid ná an Danmhairg, rud a scriosann an dul chun cinn a rinneamar go dtí seo sa chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide.
- **Cumhacht agus Tionchar:** Tá formhór na n-uirlisí don IS giniúnach ag grúpa beaga comhlachtaí teicneolaíochta an-saibhir bunaithe sna Stáit Aonraithe, rud a thugann an-chumhacht agus an-smacht dóibh.

# Script Rang 6 Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte

**Am:** 5 nóiméad




**Script:**

Cuir i gcuimhne do dhaltaí gur féidir le hIS Giniúnach a bheith cumhachtach agus cabhrach, ach ardaíonn sí ceisteanna níos mó freisin maidir le cothroime, príobháideachas, an domhan, agus cruthaitheacht. Ní mór dúinn go léir í a úsáid go cúramach agus go freagrach.

**IS Giniúnach a Úsáid go Cruthaitheach, go Sábháilte agus go Freagrach**

Taispeáin agus téigh tríd na **Leideanna is Fearr chun IS Giniúnach a Úsáid go Sábháilte & go Freagrach:**

**Úsáid IS Giniúnach le Duine Fásta Iontaofa**

- Tá srianadh aoise ar fhormhór na n-uirlisí IS agus athraíonn an srianadh seo ó aip go haip, ach is é 13 bliana d'aois an íosaois. Ní féidir leat an uirlis a úsáid má tá tú faoi bhun 13 bliana d'aois agus má tá tú 13 bliana d'aois nó níos sine, ní mór duit toiliú do thuismitheora nó do chaomhnóra dhlíthiúil a fháil chun í a úsáid.
- Nuair a bhíonn tú sean go leor chun uirlisí IS Giniúnach a úsáid, d'fhéadfadh siad a bheith úsáideach ach in amanna tugann siad freagraí contráilte nó míchuí. Is féidir le duine fásta iontaofa a bheith leat cabhrú leat foghlaim conas iad a úsáid go sábháilte agus botúin nó fadhbanna ar bith a aithint.
- Lean treoirlínte do scoile agus treoirlínte tuismitheoirí maidir le hIS Giniúnach a úsáid.




**An Tionchar a Thuiscint**

- Déantar uirlisí IS ionas go leanann tú ar aghaidh ag cur ceisteanna orthu agus ag labhairt leo, ach úsáideann gach iarratas méid ollmhór leictreachais agus acmhainní. Níor chóir IS a úsáid ach amháin nuair a bhíonn sé riachtanach agus seachain comhráite fada nó spraíúla nach bhfuil ag teastáil. Cabhraíonn sé seo leis an tionchar ar an timpeallacht a laghdú agus lenár ndomhan a chosaint.

**Seachain Ró-Roinnt Faisnéise Pearsanta**

- Ná tabhair d'ainm iomlán, do sheoladh, ainm do scoile, d'uimhir ghutháin, nó grianghraif phearsanta nó aon fhaisnéis phríobháideach eile fút nó faoi dhaoine eile don IS Giniúnach.
- Caith le comhráite IS Giniúnach mar a bheadh comhrá le strainséir ar líne ann.




**Seiceáil Sula gCuireann Tú Muinín Ann**

- Is féidir le hIS Giniúnach botúin a dhéanamh, rudaí a chumadh, nó faisnéis as dáta a thabhairt.
- Ba chóir fíricí a athsheiceáil le foinsí iontaofa i gcónaí (múinteoirí, leabhair, suíomhanna gréasáin creidiúnacha).
- D'fhéadfadh comhairle ó bhota comhrá IS Giniúnach a bheith bréagach nó neamhiontaofa – labhair le duine fásta iontaofa i gcónaí le haghaidh comhairle nó má tá ábhar imní agat.

# Script Rang 6 Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte




**Ar lean...**

**Script:**
**Is Uirlis Chabhrach Í**

- Tá IS Giniúnach an-úsáideach le haghaidh tobsmaointeoireachta nó chun rudaí a mhíniú, ach níor chóir dúinn na freagraí a thugann sí dúinn a chóipeáil amháin.
- Ina áit sin, ba chóir IS Giniúnach a úsáid mar uirlis chun cabhrú linn leis an bhfoghlaim seachas teacht in áit foghlama.

**Bí Criticiúil**

- Iarr ort féin: "An bhfuil sé seo ceart" agus "Cá as ar tháinig an fhaisnéis seo?"
- Má shíleann tú go bhfuil sé aisteach nó contráilte, is dócha gur chóir é a sheiceáil.

**Bí Cineálta & Measúil**

- Ná hiarr ar IS Giniúnach ábhar dochrach, gránna nó bulaíochta a chruthú.
- Ná húsáid í chun cleas a imirt ar dhaoine eile nó caimiléireacht a dhéanamh orthu.

---




**Am:** 3 nóiméad

**Script:**
**Achoimre & Machnamh: An Pointe is Doiléire:** Cad é a bhí "an pointe is doiléire" sa cheacht inniu?


Ag deireadh an cheachta, iarr ar dhaltaí ceist amháin a scríobh síos atá acu faoi IS Giniúnach fós, nó 'an pointe is doiléire' (an rud is mó a chuir mearbhall orthu nó an rud is deacra dóibh a thuiscint) ón gceacht.

D'fhéadfadh daltaí a gceisteanna a scríobh ar nóta greamáin le cur ar bhalla nó ar chlár ainmnithe. Is féidir é seo a úsáid chun na hábhair ar gá a athbhreithniú nó a shoiléiriú sa chéad cheacht eile a aithint.
Cuir i gcuimhne do dhaltaí gur uirlis í IS Giniúnach, agus cosúil le haon uirlis eile, is é an dóigh a n-úsáidimid í atá is tábhachtaí.

Spreag daltaí smaoineamh go criticiúil agus a bheith ina saoránaigh dhigiteacha fhreagracha, agus taitneamh a bhaint as IS Giniúnach go sábháilte.

# Script Rang 6 Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte

**Am:** 1 nóiméad





**Script:**

Tabhair amach an bhileog ghníomhaíochta le tabhairt abhaile do Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte, atá ar fáil ag www.webwise.ie/saferinternetday

Ní mór do dhaltaí é seo a thabhairt abhaile leo agus an ghníomhaíocht a dhéanamh lena dtuismitheoirí/gcaomhnóirí agus é a shíniú.

**Am:** 1 nóiméad




**Script:**

Déan achoimre ar an méid a pléadh agus a foghlaimíodh le linn na cainte inniu le daltaí. Ar Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte, d'fhoghlaim tú an méid seo a leanas:

- Cad atá i gceist le hIntleacht Shaorga (IS), lena n-áirítear cineál IS ar a dtugtar IS Giniúnach agus an dóigh a n-oibríonn sí.
- Roinnt buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann le hIS Giniúnach a úsáid a aithint.
- Machnamh a dhéanamh ar conas is féidir linn IS Giniúnach a úsáid ar bhealach sábháilte agus freagrach.

**Bileog Ghníomhaíochta 1: Cártaí Sonraí Oiliúna: Fíricí faoi mhadraí**

Tá ceithre chos ag madraí

Bíonn gach madra ag tafann

Is maith le labradóir a bheith ag snámh

Tá gach madra dubh agus bán

Tá srón ghéar 40 uair níos láidre ná duine ag madra

Tá go leor codlata ag teastáil ó choileáin

Cabhraíonn madraí treorach le daoine nach bhfuil in ann feiceáil

Tagann madraí i ngach méid

Oiltear roinnt madraí chun cabhrú leis na Gardaí

Is maith le madraí caith agus faigh a imirt

Croitheann madra a eireaball le léiriú go bhfuil sé sásta



## GNÍOMHAÍOCHT LE TABHAIRT ABHAILE DO LÁ LE HAGHAIDH IDIRLÍON NÍOS SÁBHÁILTE

# FEASACH AR IS: Sábháilte, Cliste agus i gCeannas



Cheiliúramar Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte ar scoil inniu. Is lá é seo chun úsáid idirlín shábháilte agus fhreagrach a chur chun cinn, ionas go bhfuil an t-idirlíon ina áit níos sábháilte agus níos fearr do chách, go háirithe do leanaí.

D'fhoghlaimíomar faoi theicneolaíochtaí nua agus faoi theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn sa domhan lena n-áirítear Intleacht Shaorga (IS) agus IS Giniúnach – cad atá i gceist léi, roinnt bealaí ar féidir léi cabhrú linn, agus roinnt rioscaí ar cheart a bheith ar eolas againn. Phléamar roinnt bealaí ar féidir linn IS Giniúnach a úsáid go sábháilte agus go freagrach freisin.

# IS agus IS Giniúnach a Thuiscint

**Cad is IS ann?**
Is éard atá i gceist le hIntleacht Shaorga (IS) ná nuair a oiltear córais ríomhaire chun tascanna a dhéanamh mar a bheadh duine ann, amhail patrúin a aithint, cinntí a dhéanamh, nó ceisteanna a fhreagairt.

**Cad is IS Giniúnach ann?**
Baineann IS Giniúnach le huirlisí IS is féidir le **hábhar nua a chruthú**, amhail téacs, íomhánna, ceol, nó físeáin trí phatrúin a fhoghlaim ó mhéideanna ollmhór sonraí atá ann cheana. Áirítear le samplaí botaí comhrá a fhreagraíonn ceisteanna nó uirlisí a chruthaíonn íomhánna ó leideanna. Cé go bhfuil cuma chruthaitheach air, tá a thorthaí bunaithe ar shamplaí ar a oileadh é, a ardaíonn ceisteanna tábhachtacha faoi úrnuacht, cóipcheart, agus úsáid chothrom.

**Tábhachtach: IS Giniúnach agus Srianta Aoise:** Ní mór d'úsáideoirí a bheith **ar a laghad 18 mbliana d'aois, nó 13+ le toiliú tuismitheora** chun botaí comhrá agus aipeanna IS Giniúnach a úsáid. Ciallaíonn sé sin **nár chóir dóibh siúd faoi bhun 13 bliana d'aois na huirlisí seo a úsáid ar chor ar bith**, agus ba chóir dóibh siúd idir 13-17 mbliana d'aois iad a úsáid **le do thoiliú agus do threoir.**

Molaimid go mbíonn tuismitheoirí páirteach agus go bhfuil siad ar an eolas faoi na huirlisí agus na hardáin a úsáideann leanaí. Le do thacaíocht, is féidir le daoine óga foghlaim conas na huirlisí seo a úsáid go sábháilte, go freagrach agus ar bhealaí a oirfidh dá n-aois.

# GNÍOMHAÍOCHT LE TABHAIRT ABHAILE DO LÁ LE HAGHAIDH IDIRLÍON NÍOS SÁBHÁILTE

**Buntáistí agus Dúshláin a bhaineann le hIS Giniúnach:** Iarr ar do leanbh an méid a pléadh sa rang a roinnt:

- **Buntáiste amháin a bhaineann le hIS Giniúnach:**

- **Dúshlán amháin a bhaineann le hIS Giniúnach:**

Phléamar na Leideanna seo a leanas maidir le **hIS a Úsáid go Sábháilte & Go Freagrach sa rang:**

- **Smaoinigh Sula Roinneann Tú:** Ná tabhair faisnéis phearsanta don IS (ainm, seoladh, scoil, grianghraif).
- **Seiceáil Sula gCuireann Tú Muinín Ann:** Is féidir le hIS a bheith contráilte, athsheiceáil le foinsí iontaofa.
- **Is Uirlis Chabhrach Í:** Is uirlis iontach í do smaointe agus do mhínithe, ach ná cóipeáil obair bhaile.
- **Bí Criticiúil:** Cuir na ceisteanna seo a leanas: "An bhfuil ciall leis sin?" Cá as ar tháinig sé?"
- **Bí Cineálta & Measúil:** Ná húsáid IS le bheith gránna ná dochrach.
- **Bí Eolach ar na Rialacha:** Lean treoracha scoile/tuismitheoirí agus teorainneacha aoise d'uirlisí IS.
- **Úsáid IS faoi Mhaoirseacht Duine Fásta**: Úsáid IS i gcónaí faoi mhaoirseacht tuismitheora, múinteora, nó duine fásta iontaofa eile

Le chéile, roghnaigh agus scríobh **aon riail teaghlaigh** ar conas a úsáidfidh sibh an t-idirlíon go sábháilte agus go freagrach. **Ár Riail Teaghlaigh Ar Líne chun Teicneolaíocht agus an tIdirlíon a Úsáid go Sábháilte.**

Ná déan dearmad do leanbh a threorú agus tacú leis nó léi an t-idirlíon a úsáid go freagrach agus go sábháilte faoi do mhaoirseacht – ná lig dóibh teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a fhiosrú amhail IS Giniúnach ina n-aonar.

**Tá faisnéis agus Tacaí Eile ar IS ar fáil chun cabhrú leat agus chun tacú leat**
Téigh chuig **webwise.ie/parents** chun tuilleadh sainchomhairle, tacaíocht agus faisnéis a fháil.

**Ainm an Dalta:** ______________________

**Síniú Tuismitheora/Caomhnóra:** ______________________

# Go raibh maith agaibh

CC BY-NC-SA 4.0

Cuirtear an obair seo ar fáil faoi théarmaí Creative Commons Attribution Non-Commercial ShareAlike: https://creativecommons.org/licenses/by-nc-sa/4.0/. Is féidir leat an t-ábhar seo a úsáid agus a athúsáid (ach gan íomhánna agus lógónna a áireamh) saor in aisce i bhformáid nó meán ar bith, chun críocha neamhthráchtála amháin.

Co-funded by the European Union

An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

DCU
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
Dublin City University